An Roinn Oideachais
Department of Education

Ciorclán Uimh.: 0014/2025

Chuig: Príomhfheidhmeannach gach Boird Oideachais agus Oiliúna

Liúntais Athbhreithnithe Chothaithe Intíre a bheidh in éifeacht ón 29ú Eanáir 2025 agus atá iníoctha le Baill Foirne de Bhoird Oideachais agus Oiliúna agus le Comhaltaí de Bhoird Oideachais agus Oiliúna agus de Choistí Reachtúla de chuid Bord Oideachais agus Oiliúna

RÉAMHRÁ

Tar éis don Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe athbhreithniú a dhéanamh ar na liúntais chothaithe intíre i gcomhréir le moltaí comhaontaithe a rinne an Ardchomhairle faoin Scéim Idir-réitigh agus Eadrána don Státseirbhís, d'ordaigh an tAire Oideachais dom tú a chur ar an eolas faoi athruithe ar na rátaí liúntais taistil agus cothaithe atá iníoctha leis na daoine seo a leanas:

(1) Baill foirne de Bhoird Oideachais agus Oiliúna agus
(2) Comhaltaí de Bhoird Oideachais agus Oiliúna agus de Choistí Reachtúla de chuid Bord Oideachais agus Oiliúna.

Meabhraítear do Bhoird Oideachais agus Oiliúna go bhfuil caiteachas taistil agus cothaithe faoi réir teorainneacha ceadaithe. Is faoi gach Bord Oideachais agus Oiliúna atá sé a chinntiú go gcomhlíonfar a theorainneacha buiséadacha, agus ba cheart don Phríomhfheidhmeannach leanúint lena chinntiú nach ndéanfar ach taisteal atá riachtanach agus go gcoimeádfar an líon oifigeach/comhaltaí ar aon turas oifigiúil chomh híseal agus is féidir.

Ba cheart do Bhoird Oideachais agus Oiliúna a chinntiú go ngearrfar siar a mhéid is féidir ar chaiteachas ar thaisteal sa tír seo agus thar lear araon.

Ba cheart taisteal den iompar poiblí nuair is féidir. I gcás gur féidir taisteal d'iarnród nó de bhus, beidh an liúntas a íocfar cothrom le costais iarbhír an taistil. I gcás gur gá feithicil phríobháideach an oifigigh/an chomhalta a úsáid, féadfar liúntais mhíleáiste a íoc ar aon dul leis na rátaí atá curtha in iúl sa chiorclán seo.

Corr na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí, N37 X659
Cornamaddy, Athlone, Co. Westmeath, N37 X659
T. +353 090 648 3769 | financialetb@education.gov.ie
www.education.ie

Rátaí Caighdeánacha Athbhreithnithe Cothaithe Intíre

1. Tá rátaí caighdeánaithe athbhreithnithe an liúntais cothaithe in Éirinn sonraithe sa sceideal in Aguisín 1.

2. Déanfar na hathruithe seo a leanas ar an ráta thar oíche le héifeacht ón 29ú Eanáir 2025. Méadófar an ráta thar oíche ó €195 go €205.53.

3. I gcomhréir leis na nósanna imeachta comhaontaithe, agus ar aon dul le hathruithe ar an Treoir-Uimhir Praghsanna do Thomhaltóirí, méadófar an ráta caighdeánach 5 huaire an chloig ó €17.92 go €19.25 agus méadófar an ráta caighdeánach 10 n-uaire an chloig ó €42.99 go €46.17.

4. Áireofar le socruithe amach anseo lena gcumhdófar gach íocaíocht taistil agus cothaithe sásra le haghaidh rátaí a laghdú chun aon chor chun donais amach anseo san eilimint iomchuí den Treoir-Uimhir Praghsanna do Thomhaltóirí a léiriú.

An Ráta Cóiríochta Dearbhaithe do Bhaile Átha Cliath

5. Tá feidhm ag ráta Cóiríochta Dearbhaithe go fóill i gcás go dtiocfaidh oifigigh/comhaltaí ar dheacrachtaí maidir le cóiríocht oiriúnach a fhoinsiú i mBaile Átha Cliath laistigh den ráta caighdeánach.

6. I gcásanna den sórt sin, is é a bheidh sa Ráta Cóiríochta Dearbhaithe go fóill ná costais dhearbhaithe na cóiríochta suas go teorainn an ráta chaighdeánaigh thar oíche (€205.53) móide €46.17 (dhá bhéile – ráta 10 n-uaire an chloig).

7. I gcomhréir leis an mbeartas reatha, i gcás go bhfoinseoidh oifigeach/comhalta cóiríocht ar mó a costas ná an ráta caighdeánach thar oíche nó an ráta cóiríochta dearbhaithe, de réir mar is cuí, is é/í an duine sin agus an duine sin amháin a bheidh freagrach as freastal ar an gcostas breise cóiríochta. Tarraingítear aird oifigeach/comhaltaí ar Mhír 3 de Chiorclán 11/1982: Rialacháin Taistil agus Chothaithe, ina luaitear nach ‘cuspóir don liúntas cothaithe atá iníoctha freastal ar an gcostas iomlán cothaithe’.

8. Beidh feidhm ag an ráta caighdeánach thar oíche go fóill i gcás go bhfoinseoidh oifigigh/comhaltaí cóiríocht agus béilí i mBaile Átha Cliath laistigh den ráta. I gcás nach féidir le hoifigigh/comhaltaí cóiríocht a fhoinsiú laistigh den ráta sin, féadfaidh siad an ráta cóiríochta dearbhaithe a éileamh. Ní mór costais chóiríochta a dhearbhú agus an ráta cóiríochta dearbhaithe á éileamh.

AN DÁTA CUR CHUN FEIDHME LE hAGHAIDH NA SOCRUITHE ATHBHREITHNITHE

Is é an 29ú Eanáir 2025 an dáta cur chun feidhme le haghaidh rátaí athbhreithnithe na liúntas cothaithe do chomhaltaí de Bhoird Oideachais agus Oiliúna, do chomhaltaí de choistí reachtúla de chuid Bord Oideachais agus Oiliúna agus do na baill foirne uile atá fostaithe ag Boird Oideachais agus Oiliúna, lena n-áirítear iad sin atá as láthair le cead.

GINEARÁLTA

Tá íoc na rátaí atá údaraithe sa Chiorclán seo faoi réir Chiorclán 11/82 agus faoi réir aon ordaithe eile a bheidh i bhfeidhm ó am go chéile, lena n-áirítear na ceanglais faid atá leagtha amach i gCiorclán 05/2015 ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe: Liúntais Chothaithe.

Maidir le comhaltaí de Bhoird Oideachais agus Oiliúna agus de choistí reachtúla de chuid Bord Oideachais agus Oiliúna, beidh feidhm fós ag na socruithe atá ann cheana le haghaidh boird bhainistíochta scoile agus Coistí Iniúchóireachta agus Airgeadais, mar a leanas:

- Ní bheidh liúntais chothaithe iníoctha le comhaltaí de bhoird bhainistíochta as freastal ar chruinnithe boird bainistíochta. Féadfaidh scoileanna tae/caife agus sólaistí beaga a chur ar fáil trí mhionairgead a úsáid, áfach, má thugann an Bord údarás dóibh déanamh amhlaidh.

- Maidir le comhaltaí seachtracha de Choiste Iniúchóireachta nó Airgeadais atá ag fáil táille as freastal ar an gCoiste Iniúchóireachta nó Airgeadais, ní bheidh siad i dteideal costais taistil ná costais chothaithe a éileamh.

Cinntigh go dtarraingeofar aird na gcomhaltaí uile de Bhoird Oideachais agus Oiliúna, na gcomhaltaí uile de choistí reachtúla de chuid Bord Oideachais agus Oiliúna agus na mball foirne uile atá fostaithe ag Boird Oideachais agus Oiliúna, lena n-áirítear iad sin atá as láthair le cead, ar chóipeanna den chiorclán seo.

Is féidir teacht ar an gCiorclán seo ar shuíomh Gréasáin na Roinne ag www.gov.ie/education

CEISTEANNA

Ba cheart ceisteanna i dtaca le hiarratais aonair a chur ar an mBord Oideachais agus Oiliúna lena mbaineann ar an gcéad ásc.

Ba cheart ceisteanna ginearálta i dtaca leis an gciorclán seo a sheoladh le ríomhphost chuig an Roinn ag financialetb@education.gov.ie.

_____
Teresa McNeill
Príomhoifigeach
Aonad Pearsanra Airgeadais agus Riaracháin na mBord Oideachais agus Oiliúna
Eanáir 2025

Aguisín 1

Rátaí Caighdeánacha Cothaithe Intíre
Le héifeacht ón 14 Nollaig 2023

Rátaí Thar Oíche		
Gnáthráta	Ráta Laghdaithe	Ráta Coinneála
€205.53	€184.98	€102.76

Rátaí Lae	
10 n-uaire an chloig nó níos mó	5 huaire an chloig ach níos lú ná 10 n-uaire an chloig
€46.17	€19.25

Rátaí Cothaithe Intíre le haghaidh Cóiríocht Dhearbhaithe (lena n-úsáid i mBaile Átha Cliath amháin)
Le héifeacht ón 14 Nollaig 2023

Ráta Cóiríochta Dearbhaithe	Cóiríocht		Béilí
Ráta Cóiríochta Dearbhaithe	Costas dearbhaithe na cóiríochta suas go €205.53	Móide	€46.17